

Ailgéabar: Sloinn agus cothromóidí – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun...

Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- siombailí a úsáidtear sa bhaile, sa scoil agus sa cheantar a fhiosú agus cad a léiríonn siad, m.sh., *nodaireacht cheoil, comharthaí bóthair, amchláir amhairc.*
- a dtuiscint ar shiombailí =, >, <, ≠ a chur in iúl trí léirithe éagsúla, m.sh., *úsáid a bhaint as meá, ciúbanna a chur i gceann a chéile agus comparáid a dhéanamh eatarthu.*
- réamheolas ar fhíricí uimhreacha a cheangal chun luachanna neamhaithnide a aimsiú, m.sh., *tá a fhios agam gurb ionann 15 móide 5 agus 20, mar sin sa chothromóid $15 + x = 20$, $x = 5$.*
- fiosrú a dhéanamh ar rialacha maidir le hairíonna oibríochtaí agus sloinn ghinearálta a chruthú agus a úsáid chun iad seo a léiriú, m.sh., *is féidir cur síos a dhéanamh ar an airí cómhálartach mar $x + y = y + x$.*
- úsáid a bhaint as comhthéacsanna fíorshaoil mar spreagadh chun sloinn agus cothromóidí a cheapadh agus a léiriú, m.sh., *tugann mam €5 duit don turas scoile, móide €2 sa bhreis ar gach uair an chloig den timireacht a dhéanann tú – an féidir leat é seo a léiriú ag baint úsáid as cothromóid/tábla/graf?*



- léirigh focalfhadhbanna mar shloinn/cothromóidí uimhriúla agus *vice versa*.
- mol siombailí a d'fhéadfaí a úsáid agus sloinn agus cothromóidí á dtaifeadh bunaithe ar chásanna agus ar bhreathnuithe fíorshaoil, m.sh., *is féidir líon na bpáistí sa rang (p) a léiriú mar $p = c + b$, i gcás gurb é 'c' líon na gcaillíní, agus gurb é 'b' líon na mbuachaillí.*
- páirt a ghlacadh i bplé le piraí chun cabhrú le solúbthacht a fhorbairt leis an ngaol idir sloinn agus cothromóidí a chur in iúl agus iad a thuiscint, m.sh., *comparáid a dhéanamh idir $7 + 3 + 4 = 14$ le $10 + 4 = 14$; nó comparáid a dhéanamh idir $2x = 8$ le $x = 4$.*
- cur síos a dhéanamh ar ghaoil a bhaineann le snáithaonaid eile trí úsáid a bhaint as léirithe litreacha/siombailí, m.sh., *is ionann trastomhas ciorcail agus dhá oiread an gha $\rightarrow T = 2 \times G$.*
- graif a úsáid le fiosrú agus cur síos a dhéanamh ar thionchar oibríochtaí éagsúla ar uimhreacha, m.sh., *táblaí suimithe nó iolraithe a léiriú ar ghraf; nó uimhreacha 1 – 10 a chur in ionad N, graif iomlána a chur in ionad $N + 2$ agus $N \times 2$ agus breathnuithe a dhéanamh orthu seo.*



Cumarsáid a dhéanamh

Réasúnaíocht a dhéanamh

- réitigh a chríochnú agus a chosaint i leith gníomhaíochtaí 'líon na bearnaí' ag baint úsáid as na ceithre oibríocht agus cothromóidí/éagothromóidí, m.sh., $14 \square 3 = 21 \square 21$; $37.5 > 20 \square 4$.
- táblaí a úsáid chun faisnéis a eagrú d'fhonn patrúin agus rialacha a aithint agus a leathnú, m.sh., *tábla a chruthú chun patrúin a aithint i dtáblaí a 10; nó tábla a chruthú don fheidhm $3 \times N$, ag cur N in ionad uimhreacha 1 go 10 chun fiosrú a dhéanamh ar tháirgeadh corruimhreacha agus corruimhreacha/ré-uimhreacha.*
- straitéisí iomchuí a roghnú chun an luach nó an athróg atá in easnamh i slonn nó i gcothromóid ar leith a shainaithint nó a oibriú amach, m.sh., *cothromóidí a shimpliú, oibríochtaí inbhéartacha a úsáid.*
- toradh feidhme a shainaithint nuair a thugtar an t-ionchur dó, nó a mhalairt, nó feidhm a shainaithint agus a chur in iúl nuair a thugtar raon ionchur agus torthaí comhfhreagracha di, m.sh., $1 \rightarrow 3$, $2 \rightarrow 4$, $3 \rightarrow 5$; nó $2 \rightarrow 4$, $3 \rightarrow 9$, $4 \rightarrow 16$.
- patrúin shoiléire in uimhreacha a fhiosrú agus iad seo a thástáil chun inghinearálaitheacht a chinneadh, m.sh., *an bhfuil an slonn $N \times 10 = N0$ fíor i gcás gach uimhreach?*



- fadhbanna le réitigh iomadúla a fhiosrú, m.sh., *chuntais an feirmeoir 30 cos agus í ag tiomáint timpeall na feirme. Cad iad na hainmhithe a chonaic sí?*
- uimhreacha agus sloinn a léiriú i bhfoirmeacha éagsúla d'fhonn solúbthacht a fhorbairt agus fadhbanna á réiteach, m.sh., $12 = 10 + 2 = 6 + 6 = 20 - 8 = 3 \times 4$; $2x + 4 = 2(x + 2)$.
- sloinn agus cothromóidí a chruthú chun comhthéacsanna fadhbanna fiúntacha a chur in iúl, m.sh., *léiriú a cheapadh chun an tréimhse a chaithfear ag an aonach spraoi a thaispeáint, am taistil san áireamh, agus cúig nóiméad a cheadú do gach turas.*
- cothromóidí coitianta a mhionathrú chun fadhbanna a réiteach go héifeachtúil, m.sh., *achar = fad x leithead ($A = F \times L$) \rightarrow fad = achar \div leithead ($F = A \div L$).*
- fadhbanna oscailte a fhiosrú, agus réitigh a léiriú ag baint úsáid as táblaí, graif, léaráidí, ábhair choincréiteacha, m.sh., *tá an clós i gcónaí 4 mhéadar níos faide ná mar atá sé leathan, agus tá an leithead 2m ar a laghad ach níl sé níos mó ná 10m, cad iad roinnt tomhas a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hachar agus imlíne don chlós?*



Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach